CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 150 an 14 Meitheamh 2018)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 14 Meitheamh 2018)

An teideal atá ar an gClár agus an teideal ar Leathanach 1:

in ionad: "RIALACHÁN (AE) 2018/848 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle",

léitear: "RIALACHÁN (AE) 2018/848 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisgairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle".

Ar leathanach 37, pointe (b) agus (c) d'Airteagal 30(5):

in ionad: "(b) sa liosta comhábhar amháin ar an gcoinníoll:

(i) go bhfuil níos lú ná 95 % de na comhábhair thalmhaíochta de réir meáchain orgánach agus ar an gcoinníoll go bhfuil na comhábhair sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le táirgeadh atá leagtha amach sa Rialachán seo; agus

(ii) go gcomhlíonann an bia próiseáilte na rialacha maidir le táirgeadh atá leagtha amach i bpointe 1.5, i bpointe 2.1(a), i bpointe 2.1(b) agus i bpointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II agus na rialacha atá leagtha síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3);

(c) sa tuairisc díolacháin agus sa liosta comhábhar ar an gcoinníoll:

(i) gur táirge ón bhfiach nó ón iascaireacht é an príomh-chomhábhar;

(ii) go mbaineann an téarma dá dtagraítear i mír 1 sa tuairisc díolacháin go soiléir le comhábhar eile atá orgánach agus atá éagsúil ón bpríomh-chomhábhar;

(iii) go bhfuil na comhábhair thalmhaíochta eile go léir orgánach; agus

(iv) go gcomhlíonann an bia pointe 1.5, pointe 2.1(a), pointe 2.1(b) agus pointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II agus na rialacha atá leagtha síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3).",

léitear: "(b) sa liosta comhábhar amháin ar an gcoinníoll:

(i) go bhfuil níos lú ná 95 % de na comhábhair thalmhaíochta de réir meáchain orgánach agus ar an gcoinníoll go bhfuil na comhábhair sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar amach sa Rialachán seo; agus

(ii) go gcomhlíonann an bia próiseáilte na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar amach i bpointí 1.5, 2.1(a), 2.1(b) agus 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II, cé is moite de na rialacha maidir le húsáid shrianta comhábhar talmhaíochta neamhorgánach a leagtar amach i bpointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II, agus na rialacha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3);

(c) sa tuairisc díolacháin agus sa liosta comhábhar ar an gcoinníoll:

(i) gur táirge ón bhfiach nó ón iascaireacht é an príomh-chomhábhar;

(ii) go mbaineann an téarma dá dtagraítear i mír 1 sa tuairisc díolacháin go soiléir le comhábhar eile atá orgánach agus atá éagsúil ón bpríomh-chomhábhar;

(iii) go bhfuil na comhábhair thalmhaíochta eile go léir orgánach; agus

(iv) go gcomhlíonann an bia próiseáilte leis na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar amach i bpointí 1.5, 2.1(a), 2.1(b) agus 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II, cé is moite de na rialacha maidir le húsáid shrianta comhábhar talmhaíochta neamhorgánach a leagtar amach i bpointe 2.2.1 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II, agus na rialacha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3).".

Ar leathanach 38, pointe (a) d'Airteagal 30(6):

in ionad:	"(a) go gcomhlíonann an bheatha phróiseáilte na rialacha maidir le táirgeadh atá leagtha amach i gCuid II, III agus V d'Iarscríbhinn II agus na rialacha sonracha atá leagtha síos i gcomhréir le hAirteagal 16(3);",
léitear:	"(a) go gcomhlíonann an bheatha phróiseáilte na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar amach i gCodanna II, III agus V d'Iarscríbhinn II agus na rialacha sonracha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 17(3);".